**Scéim chun cabhrú le Léachtóirí (os cionn agus faoi bhun an bhaic) tabhairt faoi chlár PhD agus é a chur i gcrích**

## 1 An Comhthéacs taobh thiar d'Fhorbairt na Scéime

Ghlac cruinniú an 22 Márta 2006 den Choiste don Phleanáil Acadúil agus Acmhainní leis an moladh ó chruinniú an 3 Márta 2006 den Fhochoiste Saoire Sabóidí nach gceadófaí Saoire Shabóideach d'fhonn céim PhD a bhaint amach ón mbliain 2011 ar aghaidh.

I dTuairisc an Ghrúpa Oibre ar Dhul Chun Cinn na Gairme Acadúla in OÉ Gaillimh, Bealtaine 2011, a mheas Údarás na hOllscoile i mí an Mheithimh 2011, moladh, inter alia, an méid seo a leanas

*Léiríonn na torthaí go bhféadfadh mná a bheith thíos leis an gcinneadh gan cead a thabhairt saoire shabóideach a úsáid chun PhD a chur i gcrích. Chun teacht roimhe seo, moltar scéim nua a thabhairt isteach chun cur ar chumas comhaltaí foirne a gcuid céimeanna PhD a chur i gcrích agus chun tacú leo é seo a dhéanamh. Measfar gur chun leasa na gcomhaltaí foirne agus na hOllscoile é seo.*

## 2 Réasúnaíocht na Scéime

Measann an Ollscoil go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh céim PhD nó a comhionann bainte amach ag comhaltaí foirne acadúla chun críocha a gcuid taighde pearsanta, ar mhaithe le feabhas a chur ar a gcumas mic léinn i mbun cláir thaighde a stiúradh agus ar mhaithe le cláir mhúinte atá bunaithe ar thaighde a fhorbairt agus a sholáthar. Chuige sin, tá clár curtha ar bun ag an Ollscoil chun tacú le comhaltaí foirne acadúla i bpost léachtóra (os cionn nó faoi bhun an bhaic) ar mian leo tús a chur nó leanúint le PhD nó clár comhionann. Déanfar an Scéim a eagrú agus a riar agus iarracht á déanamh gan ualach míchuí a chur ar chomhaltaí foirne acadúla eile, ar mhic léinn nó ar an Ollscoil i gcoitinne.

## 3 Táillí a íoc

Bainfidh rannpháirtithe ar an gclár tacaíochta PhD tairbhe as an Scéim Polasaí Breisoideachais (FEP) maidir lena gcuid táillí a íoc, nó cuid díobh, de réir théarmaí na Scéime FEP. Ní bheidh léachtóir, a cheapfar i ndiaidh an dáta a gcuirfear an Scéim PhD seo i bhfeidhm, agus atá ag iarraidh tús a chur nó leanúint le clár PhD lasmuigh den Scéim seo, i dteideal tacaíochta maidir le táillí faoin Scéim Polasaí Breisoideachais.

## 4 Rannpháirtíocht sa Scéim

4.1 Beidh dualgas ar chomhaltaí foirne, a cheaptar i ndiaidh an dáta a dtiocfaidh an Scéim seo i bhfeidhm a bheith páirteach sa Scéim mura bhfaightear cead a mhalairt a dhéanamh ón gCoiste don Phleanáil Acadúil agus Acmhainní, ar mholadh ón bhFochoiste Saoire Sabóidí, tar éis togra cuimsitheach a bheith faighte ón gCeann Scoile cuí chun díolúine a fháil do dhuine ar leith roimh thairiscint fhoirmiúil ar phost a bheith déanta leis an duine sin.

4.2 Cuirfidh Cinn Scoile ceist go foirmiúil ar chomhaltaí foirne nach bhfuil PhD nó a chomhionann bainte amach acu, ar mhaith leo páirt a ghlacadh sa Scéim. Más spéis le comhalta foirne páirt a ghlacadh sa Scéim, caithfidh an comhalta foirne agus an Ceann Scoile é sin a chur in iúl don Fhochoiste Saoire Sabóidí laistigh de shé mhí ón uair a thagann an Scéim i bhfeidhm. Ní mór an t-eolas a luaitear i gcuid 6 a chur ar fáil don Fhochoiste ar an bhfoirm faoi iamh.

## 5 Fad na Scéime do Rannpháirtithe

Tá an scéim bunaithe ar an tuiscint gur ar bhonn páirtaimseartha atáthar ag tabhairt faoin gclár PhD. Ceadaítear 6 bliana ar a mhéad chun PhD a chríochnú faoin Scéim. Measfar nach mbeidh comhalta foirne nach bhfuil PhD críochnaithe acu laistigh de thréimhse 6 bliana, i ndiaidh dó/di tús a chur leis an Scéim, rannpháirteach sa Scéim a thuilleadh agus ní bheidh fáil aige/aici ar na tacaíochtaí a bhaineann le clár PhD a dhéanamh faoin Scéim a thuilleadh.

*Ní áireofar tréimhsí saoire mháithreachais, saoire do thuismitheoirí, saoire bhreoiteachta agus saoire gan phá. Áireofar saoire pháirtaimseartha gan phá agus tréimhsí i mbun postroinnte ar bhonn pro rata.

## 6 Fógra faoi Rannpháirtíocht sa Scéim

6.1 Comhalta nua foirne

Cuirfidh an comhalta foirne agus a C(h)eann Scoile a rannpháirtíocht sa Scéim in iúl don Fhochoiste Saoire Sabóidí, mura bhfuil díolúine ó rannpháirtíocht faighte faoi 4.1 thuas. Caithfear rannpháirtíocht sa Scéim a bheith curtha in iúl laistigh de bhliain amháin ón uair a chuireann an comhalta foirne tús lena c(h)uid dualgas.

6.2 Comhalta foirne ar an dáta a dtagann an Scéim i bhfeidhm

Cuirfidh an comhalta foirne reatha agus a C(h)eann Scoile an cinneadh maidir lena rannpháirtíocht sa Scéim in iúl don Fhochoiste Saoire Sabóidí. Caithfear rannpháirtíocht sa Scéim a bheith curtha in iúl laistigh de 6 mhí ón uair a thagann an Scéim i bhfeidhm.

Ní mór fógra a fháil go bhfuil áit faighte ag comhalta foirne ar chlár PhD ag an am céanna le fógra a fháil faoi chinneadh comhalta foirne nua nó reatha páirt a ghlacadh sa Scéim. Ní mór eolas a bheith ar fáil faoi ainm na hinstitiúide ina mbeidh an PhD ar siúl, ainm an stiúrthóra/ainmneacha na stiúrthóirí agus aon eolas eile a chinnfidh an Ceann Scoile agus/nó an comhalta foirne a bheith ábhartha agus cuí. Ní mór an t-eolas a chur ar fáil ar an bhfoirm faoi iamh.

## 7 Promhadh comhalta foirne a cheaptar tar éis an dáta a dtagann an Scéim PhD i bhfeidhm agus atá rannpháirteach sa Scéim

Cuirfear tuairiscí bliantúla Stiúrthóir PhD an chomhalta foirne agus an GRC* ar fáil do Bhord Promhaidh an chomhalta foirne agus ní dhéanfar cinneadh maidir leis an gceapachán a dhearbhú mura measann an Bord go bhfuil dhá thuairisc bhliantúla, an tuairisc is déanaí san áireamh, sásúil.

Is faoin gcomhalta foirne a bheidh sé na tuairiscí a chur ar fáil do Chathaoirleach a B(h)oird Phromhaidh faoi dháta a chinnfidh an Cathaoirleach i gcomhar leis an gcomhalta foirne.

## 8 'An barra á thrasnú' ag comhalta foirne atá rannpháirteach sa Scéim PhD

Ní bheidh comhalta foirne atá ag glacadh páirte sa Scéim agus a bhfuil a d(h)áta ceapacháin tar éis an dáta a dtagann an Scéim i bhfeidhm, incháilithe leis 'an mbarra a thrasnú' sa phost atá aige/aici go dtí go mbronnfar an PhD air/uirthi. Ní mór fianaise ar an dámhachtain a chur ar fáil leis an iarratas chun 'an barra a thrasnú'.

## 9 Nádúr na Scéime

9.1 Beidh freagracht ar Cheann Scoile rannpháirtí sa Scéim seo as córas a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht an chomhalta foirne sa Scéim, lena n-áirítear dáta tosaigh, mar a mholtar don Fochoiste Saoire Sabóidí, ainm na hinstitiúide ina mbeifear ag tabhairt faoin PhD, ainm an stiúrthóra/ainmneacha na stiúrthóirí agus aon eolas eile a chinnfidh an Ceann Scoile agus/nó an comhalta foirne a bheith ábhartha agus cuí, e.g. ballraíocht den Choiste Taighde Iarchéime*.
Beidh freagracht ar an gcomhalta foirne as tuairisc bhliantúil ar a d(h)ul chun cinn a chur ar fáil don Cheann Scoile, faoi dháta a shocróidh an Ceann Scoile i gcomhar leis an gcomhalta foirne. Sa tuairisc bhliantúil beifear ag féachaint an ndearnadh dul chun cinn sásúil go dáta.

9.2 Cuirfidh an Ceann Scoile tuairisc chuig an bhFochoiste Saoire Sabóidí faoin 1 Deireadh Fómhair gach bliain ag dearbhú na nithe seo a leanas maidir leis an gcomhalta foirne

a. Go bhfuil an comhalta foirne fós ag glacadh páirte go sásúil sa Scéim de réir tuairisce óna stiúrthóir agus ón GRC*
b. Go bhfuil an comhalta foirne fós ag glacadh páirte sa Scéim de réir tuairisce óna stiúrthóir ach nach measann an stiúrthóir ná an GRC* go bhfuil an dul chun cinn sásúil
c. Go bhfuil an comhalta foirne tar éis éirí as an Scéim
d. Go bhfuil an PhD curtha i gcrích ag an gcomhalta foirne.

9.3 Beidh an clár PhD mar phríomhchuid de dhualgais taighde an chomhalta foirne. Measfar go mbainfidh c40% de dhualgais an chomhalta foirne leis an ngné taighde.

9.4 Beidh rannpháirtíocht an chomhalta foirne sa Scéim mar chuid mhór den phróiseas PMDS dó/di maidir lena c(h)uid dualgais taighde.

## 10 Tacaíocht do Rannpháirtithe

Cuirfidh an Ceann Scoile réimse tacaíochtaí ar fáil chun tacú leis an gcomhalta foirne ina c(h)lár PhD lena n-áirítear

10.1 Lá sa tseachtain le linn an tseimeastair theagaisc a bheith curtha ar leataobh ionas gur féidir leis an rannpháirtí díriú ar a c(h)lár PhD.

10.2 Clár oibre aontaithe le linn mhíonna an tsamhraidh a thugann deis don rannpháirtí mí ar a laghad a chaitheamh ar a c(h)lár PhD gan aon dualgas eile a bheith roimhe/roimpi.

10.3 Ní bheidh rannpháirtithe ar an gclár PhD incháilithe do Shaoire Shabóideach ach beidh siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar Shaoire Staidéir, trí mhí ar fhad go hiondúil*, a bhaineann lena gclár PhD. Beidh an rannpháirtí incháilithe do Shaoire Staidéir bliain amháin tar éis dó/di áit a bheith faighte aige/aici ar an gclár seo agus is féidir tréimhse bhreise Shaoire Shabóideach a thabhairt don rannpháirtí tráth nach lú ná dhá bhliain tar éis an dáta a dtosaíonn an chéad tréimhse Shaoire Shabóideach.Caithfear an tSaoire a thógáil taobh amuigh den téarma, faoi shocruithe a aontófar leis an gCeann Scoile, agus beidh cead an Chinn Scoile agus an Fhochoiste Saoire Sabóidí riachtanach. Caithfear iarratas ar Shaoire Staidéir a bheith déanta tráth nach déanaí ná 4 mhí roimh dháta molta tosaithe na saoire. Ní cheadófar ach dhá thréimhse Saoire Staidéir dá leithéid a ghlacadh le linn rannpháirtíocht an chomhalta foirne sa chlár PhD.

> * D'fhéadfadh an Fochoiste Saoire Sabóidí a mholadh, ag féachaint go cuí do mholadh an Chinn Scoile sa chás, maidir leis an mbuntáiste a bhainfeadh leis an iarratasóir ag críochnú an c(h)láir PhD, go ndeonófaí tréimhse leanúnach sé mhí Saoire Staidéir, agus leath den tsaoire á tógáil lasmuigh den téarma agus an leath eile le linn an téarma. Forbróidh an Fochoiste Saoire Sabóidí critéir chun tacú le cinntí faoin uair is feiliúnaí d'iarratasóirí aonair Saoire Staidéir a ghlacadh ar mhaithe leis an dul chun cinn is fearr is féidir a dhéanamh chun an clár PhD a chríochnú.

**Nóta Tábhachtach:** Is féidir nach mbeadh sé indéanta, nuair a bhíonn líon suntasach comhaltaí foirne i Scoil ag tabhairt faoi chláir PhD, Saoire Staidéir a cheadú ar an mbonn a leagtar amach sa mhír seo. I gcásanna dá leithéid, eagróidh an Ceann Scoile go mbeidh tréimhse ar leith saoire ag comhaltaí cuí foirne, saor ó dhualgais eile, d'fhonn díriú ar an gclár PhD.

**11 Rannpháirtithe sa Scéim i mbun Mic Léinn PhD a Stiúradh**

Ní bheidh comhalta foirne, a cheaptar tar éis teacht i bhfeidhm na Scéime seo agus nach bhfuil PhD aige/aici nó nach bhfuil faoi réir díolúine faoi 4.1 thuas ó rannpháirtíocht sa Scéim, i dteideal a bheith mar an t-aon stiúrthóir ar mhac léinn PhD, ach beidh sé/sí i dteideal a bheith ina c(h)omhstiúrthóir agus a bheith ina b(h)all den Choiste Taighde Iarchéime. Iarrtar ar Chinn Scoile rannpháirtithe a spreagadh le bheith bainteach in obair an Choiste Taighde Iarchéime. Beidh comhaltaí foirne atá ag glacadh páirte sa Scéim i dteideal a bheith ina gcomhstiúrthóirí ar thráchtas PhD.

**12 Eolas don Stiúrthóir faoin Rannpháirtí**

Cuirfidh an Ceann Scoile cóip den Scéim seo ar fáil do stiúrthóir an chomhalta foirne atá ag glacadh páirte sa Scéim, bíodh an PhD ar siúl in OÉ Gaillimh nó in áit éigin eile.

**13 Cur i gcrích sásúil**

Agus an PhD curtha i gcrích go sásúil ag an rannpháirtí sa Scéim seo beidh sé/sí i dteideal iarratas a dhéanamh ar Shaoire Shabóideach faoi na gnáthchoinníollacha. Bheifí ag súil gurb é príomhaidhm na Saoire Sabóidí oibriú i dtreo an taighde a rinneadh don chéim PhD a fhoilsiú. Aithníonn an Ollscoil a thábhachtaí atá an chéad tréimhse de Shaoire Shabóideach i dtaca le forbairt ghairmiúil comhaltaí foirne a ghlac páirt sa Scéim seo. Dá réir sin, cuirfidh an Ceann Scoile meantóir ar fáil laistigh den Scoil chun cabhrú leis an gcomhalta foirne a (h)iarratas ar Shaoire Shabóideach a réiteach, le cinntiú go dtapófar na deiseanna ar fad a chuireann an tSaoire ar fáil, agus chun an tairbhe is fearr a bhaint as torthaí na Saoire.

**14 Athbhreithniú**

Athbhreithneofar téarmaí agus coinníollacha na Scéime tráth nach déanaí ná dhá bhliain i ndiaidh teacht chun feidhme na Scéime

*nó coiste comhionann nuair is ann dá leithéid

**APR/12/M3/7(a)(ii)**

**OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH**

**Scéim chun cabhrú le Léachtóirí (os cionn/faoi bhun an bhaic) tabhairt faoi PhD agus é a chur i gcrích FOIRM IARRATAIS**

______________________________
***Ainm an Chomhalta Foirne***

______________________________ ______________________________
***Scoil*** ***Uimhir Foirne***

__________________
***Uimhir Ghutháin***

_____________________________
***Seoladh ríomhphoist***

1. Teideal na Céime a bhfuiltear ag tabhairt fúithi: ______________________________________________

2. Institiúid ina bhfuil an chéim/an clár ar siúl: _________________________

3. Dáta Tosaigh: __________________________________________

4. Stiúrthóir(í): _______________________________

5. Comhaltaí an Choiste Taighde Iarchéime: ____________________________

**Síniú an Iarratasóra: ________________________________________**

**Dáta: ____________________**

**Síniú an Chinn Scoile: ______________________________**

**Dáta: ____________________**

***Seol an fhoirm seo ar ais chuig: Mary Kennedy, Uasal***
***Oifig an Mheabhránaí agus Uachtarán Ionaid, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Éire. 2121***
***Ríomhphost: marie.kennedy@nuigalway.ie***

*Féadfaidh iarratasóirí eolas ábhartha eile a chur i gceangal leis an bhfoirm.